2025/1253

26.6.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1253 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Feabhra 2025

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(3) de, De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2003/87/CE bunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas ('CTA AE'). Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais. Mar gheall ar chineál na ngníomhaíochtaí muiriompair, go háirithe an loingseoireacht bhulclasta, d'fhéadfadh cuideachta loingseoireachta gníomhaíochtaí a dhéanamh a thagann faoi raon feidhme CTA AE, mar a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, i roinnt tréimhsí tuairiscithe agus nach dtagann faoina réim i dtréimhsí eile. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a bheith ag údaráis inniúla a iarraidh ar an riarthóir náisiúnta stádas an chuntais coinneála oibreora mhuirí de chuid cuideachta loingseoireachta nach n-áirítear a thuilleadh in CTA AE a shocrú ag stádas eisiata, tar éis réamhfhógra a thabhairt don chuideachta loingseoireachta lena mbaineann. Ba cheart an stádas sin a bheith ann go dtí go dtabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don riarthóir náisiúnta go n-áirítear an chuideachta loingseoireachta in CTA AE arís.

(2) Leasaíodh Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE le Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus foráiltear léi nach gcumhdaítear suiteálacha le Treoir 2003/87/CE i gcás, le linn na tréimhse 5 bliana ábhartha roimhe sin dá dtagraítear in Airteagal 11(1), an dara fomhír, den Treoir sin, inarb iad astaíochtaí ó dhóchán bithmhaise a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 14 den Treoir sin is cúis le níos mó ná 95 %, ar an meán, de na meánastaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána. Dá bhrí sin, ní mór riarthóirí náisiúnta a bheith in ann na cuntais oibreora sin a shocrú ag stádas eisiata.

(3) Foráiltear le hAirteagal 30f(4) de Threoir 2003/87/CE go bhfuil eintitis rialáilte le hastaíochtaí stairiúla a thuairisciú ó 2025 ar aghaidh. Foráiltear le hAirteagal 30f(2) den Treoir sin go bhfuil eintitis rialáilte le hastaíochtaí fíoraithe a thuairisciú ó 2026 ar aghaidh. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus ós rud é nach mbeidh eintitis rialáilte in ann lamháltais astaíochtaí a shealbhú i gcuntais coinneála eintitis rialáilte ach ó thús na ceantála in 2027, ba cheart do riarthóirí náisiúnta cuntas údaráis inniúil náisiúnta a chruthú a bheidh ann go heisiach chun astaíochtaí stairiúla a thuairisciú in 2025 agus chun astaíochtaí fíoraithe a thuairisciú in 2026 ar an leibhéal comhiomlánaithe.

(4) Chun go mbeidh an Coimisiún in ann an chaidhp a ríomh le haghaidh an chórais trádála astaíochtaí le haghaidh dócháin in earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar le haghaidh 2028, ba cheart don riarthóir náisiúnta astaíochtaí mionsonraithe le haghaidh gach eintitis rialáilte a thuairisciú don Choimisiún faoin 30 Meitheamh 2025 agus faoin 30 Meitheamh 2026, de réir mar is infheidhme, trí mheán leictreonach agus trí úsáid a bhaint as na teimpléid nó as na sonraíochtaí formáide comhaid arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún i gcomhréir le Tábla IX-IV d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122.

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais (IO L 177, 2.7.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1122/oj).

([3]) Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/959/oj).

(5) Foráiltear le hAirteagal 13 de Threoir 2003/87/CE go mbeidh lamháltais a eisítear ón 1 Eanáir 2013 bailí ar feadh tréimhse éiginnte. Maidir le lamháltais a eisíodh roimh an 1 Eanáir 2013, don chéad chéim agus don dara céim de CTA AE, níl siad bailí a thuilleadh agus rinneadh gach lamháltas den sórt sin a bhí i gcuntais a neamhbhailíochtú ag deireadh na tréimhse comhlíontachta ar leith. Mar thoradh air sin, ní féidir le suiteáil dho-aistrithe figiúr comhlíontachta diúltach a cheartú agus maireann sé ar feadh tréimhse éiginnte. Chun tionchair dhiúltacha a sheachaint ar oibreoirí nach bhfuil aon mhodh teicniúil ná dlíthiúil acu chun oibleagáidí CTA AE a bhí ann roimhe seo a chomhlíonadh, níor cheart an figiúr diúltach sin de chuid na chéad chéime ná an dara céim de CTA AE a chur san áireamh agus an stádas comhlíontachta á ríomh.

(6) Is léir ón taithí a fuarthas roimhe seo nach gcomhlíonann roinnt oibreoirí oibleagáidí tabhairt suas a leagtar síos in Airteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE. Chun saobhadh chuspóirí CTA a sheachaint, agus chun comhlíontacht a áirithiú, más rud é, an 1 Deireadh Fómhair gach bliain, go bhfuil líon na lamháltas a thugtar suas ó chuntas coinneála suiteála do-aistrithe nó ó chuntas coinneála oibreora aerárthaí níos ísle ná a astaíochtaí fíoraithe sa tréimhse atá ann i láthair na huaire sin agus an bhliain roimhe sin á cur san áireamh, ba cheart don riarthóir lárnach a áirithiú go socródh Clárlann an Aontais stádas an chuntais oibreora chomhfhreagraigh ag stádas blocáilte.

(7) Le hAirteagal 3c(6) de Threoir 2003/87/CE bunaíodh sásra tacaíochta breise chun breoslaí eitlíochta incháilithe a úsáid. Cuirtear an tacaíocht ar fáil i bhfoirm leithdháileadh lamháltas ar oibreoirí aerárthaí. Le Cinneadh Uimh. 334/2023 ([4]) ó Chomhchoiste LEE, bunaítear córas le haghaidh na hÍoslainne chun lamháltais bhreise saor in aisce a leithdháileadh ar oibreoirí aerárthaí. Chun cuntasaíocht iomchuí na lamháltas a áirithiú, ba cheart an tábla leithdháilte eitlíochta a leathnú dá réir sin.

(8) Le hAirteagal 14(6) de Threoir 2003/87/CE ceanglaítear ar an gCoimisiún sonraí áirithe faoi astaíochtaí arna gcomhiomlánú in aghaidh an oibreora aerárthaí a fhoilsiú. Níl na sonraí sin ábhartha maidir leis an gcomhlíontacht arna rialú ag Clárlann an Aontais, ná ní fhoilsítear sonraí arna gcomhiomlánú ar leibhéil éagsúla ach ar mhaithe leis an trédhearcacht. Foilsíonn suíomh gréasáin poiblí Chlárlann an Aontais tacar sonraí in aghaidh an oibreora aerárthaí cheana féin. Dá bhrí sin, is iomchuí an suíomh gréasáin céanna atá ar fáil go poiblí a úsáid chun sonraí faoi astaíochtaí a fhoilsiú faoin Airteagal sin. Ar an gcúis chéanna, ba cheart an suíomh gréasáin céanna a úsáid chun sonraí a fhoilsiú maidir le héifeachtaí neamh-CO_2 na heitlíochta arna dtuairisciú faoi Airteagal 14(5) den Treoir sin.

(9) Le hAirteagal 58 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ceadaítear don sealbhóir cuntais nó do riarthóir náisiúnta atá ag gníomhú thar ceann an tsealbhóra cuntais a iarraidh go ndéanfaí idirbhearta a rinneadh trí earráid nó go neamhbheartaithe a aisiompú. Chun níos mó solúbthachta a thabhairt don sealbhóir cuntais agus feidhmiú ceart oibleagáid chuntasaíochta Chlárlann an Aontais á áirithiú an tráth céanna, ba cheart síneadh a chur leis an tréimhse chun iarraidh den sórt sin ar aisiompú a chur isteach.

(10) Eisíodh oibreoirí nó earnálacha ó raon feidhme Threoir 2003/87/CE mar thoradh ar rialuithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ó chúirteanna náisiúnta. Chun in-fhorfheidhmitheacht rialuithe den sórt sin agus aiseag lamháltas a áirithiú ar ina leith a neamhbhailigh cúirt den sórt sin an tabhairt suas, ba cheart don riarthóir lárnach lamháltais a tugadh suas a aiseag leis an gcuntas coinneála oibreora. Ionas nach mbeidh brabús amhantair mar thoradh ar aiseag lamháltas ag an oibreoir a bhaineann tairbhe as an aiseag, ba cheart an líon lamháltas atá le haisíoc a chinneadh agus éabhlóid luach na lamháltas agus an boilsciú á gcur san áireamh.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 a leasú dá réir sin.

(12) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus thug sé tuairim uaidh an 14 Eanáir 2025.

([4]) Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 334/2023 an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1419] (IO L, 2024/1419, 13.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1419/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(13) Foráiltear le Treoir 2003/87/CE go bhfuiltear le tús a chur le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí ón gcóras trádála le haghaidh dócháin in earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar in 2025. Chun comhsheasmhacht agus soiléireacht a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir le cuntas an údaráis inniúil náisiúnta a oscailt chun astaíochtaí a thuairisciú le haghaidh 2024 agus chun astaíochtaí fíoraithe a thuairisciú le haghaidh 2025, ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

(14) Ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, beidh lamháltais ghinearálta le heisiúint freisin don earnáil eitlíochta, trí bhíthin leithdháileadh saor in aisce agus ceantáil. Ba cheart, dá bhrí sin, lamháltais ghinearálta a aistriú ó Chuntas Ceantála an Aontais ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm go práinneach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach na míreanna 6b agus 6c seo a leanas:

'6b. Tar éis fógra a fháil ón údarás inniúil nach n-áirítear cuideachta loingseoireachta a thuilleadh in CTA AE i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE i mbliain ar leith, socróidh an riarthóir náisiúnta stádas an chuntais coinneála oibreora mhuirí chomhfhreagraigh ag stádas eisiata, tar éis réamhfhógra a thabhairt don chuideachta loingseoireachta lena mbaineann, agus coinneoidh sé an cuntas ag an stádas sin go dtí go dtabharfaidh an t-údarás riaracháin fógra go n-áirítear cuideachta loingseoireachta arís in CTA AE.

6c. I gcás nach gcumhdaíonn CTA AE suiteáil i gcomhréir le pointe 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, socróidh an riarthóir náisiúnta stádas an chuntais oibreora chomhfhreagraigh ag stádas eisiata ar feadh thréimhse an eisiaimh.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. Ní fhéadfar aon phróiseas a thionscnamh ó chuntais eisiata, lena n-áirítear aistrithe lamháltas, ach amháin na próisis a shonraítear in Airteagal 22, Airteagal 48(4) agus (5), Airteagal 50(6) agus (8) agus Airteagal 57 agus na próisis a shonraítear in Airteagail 31 agus 56 a chomhfhreagraíonn don tréimhse nach raibh stádas an chuntais socraithe ag stádas eisiata.';

(2) Leasaítear Airteagal 15b mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, le haghaidh na n-iarrataí a chuirfear isteach ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 31 Nollaig 2027, beidh sprioc-am 40 lá oibre ag an riarthóir náisiúnta ón uair a fhaightear sraith fhoriomlán faisnéise chun cuntais coinneála eintitis rialáilte a oscailt i gcomhréir le mír 1.';

(b) scriostar mír 4;

(c) cuirtear isteach na míreanna 7, 8 agus 9 seo a leanas:

'7. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, ón 1 Meitheamh 2026 go dtí an 15 Meán Fómhair 2026 iarrfaidh eintitis rialáilte a thagann faoi raon feidhme Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE cuntas coinneála eintitis rialáilte a oscailt i gClárlann an Aontais i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

8. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, osclóidh an riarthóir náisiúnta cuntas údaráis inniúil náisiúnta chun astaíochtaí stairiúla a thuairisciú le haghaidh 2024 i gcomhréir le hAirteagal 30f(4) de Threoir 2003/87/CE agus chun astaíochtaí fíoraithe a thuairisciú le haghaidh 2025 i gcomhréir le hAirteagal 30f(2) den Treoir sin. Tuairisceoidh an riarthóir náisiúnta astaíochtaí comhiomlánaithe ar an leibhéal náisiúnta i gClárlann an Aontais trí chuntas an údaráis inniúil náisiúnta faoin 30 Meitheamh 2025

agus faoin 30 Meitheamh 2026, de réir mar is infheidhme. Tuairisceoidh an riarthóir náisiúnta astaíochtaí mionsonraithe le haghaidh gach eintitis rialáilte don Choimisiún faoin 30 Meitheamh 2025 agus faoin 30 Meitheamh 2026, de réir mar is infheidhme, trí mhodhanna leictreonacha eile seachas trí Chlárlann an Aontais agus trí úsáid a bhaint as na teimpléid nó as na sonraíochtaí formáide comhaid arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún i gcomhréir le Tábla IX-IV d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo.

9. Ní shealbhófar lamháltais i gcuntais na n-údarás inniúil náisiúnta.';

(3) in Airteagal 20, cuirtear isteach an mhír 10 seo a leanas:

'10. I gcás chuntais na n-údarás náisiúnta inniúil arna n-oscailt i gcomhréir le hAirteagal 15b(8), ní bheidh feidhm ag an gceanglas ionadaithe údaraithe a bheith acu i gcomhréir leis an Airteagal seo. Le haghaidh na gcuntas sin ainmneofar teagmhálaí amháin ar a laghad.';

(4) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Tabharfaidh gach sealbhóir cuntais fógra don riarthóir náisiúnta laistigh de 10 lá oibre faoi athruithe ar an bhfaisnéis faoin gcuntas. Ina theannta sin, deimhneoidh sealbhóirí cuntas coinneála suiteála do-aistrithe, sealbhóirí cuntas coinneála oibreora aerárthaí agus sealbhóirí cuntas coinneála oibreora mhuirí don riarthóir náisiúnta faoin 30 Meitheamh gach bliain go leanann an fhaisnéis faoina gcuntais de bheith iomlán, cothrom le dáta, cruinn agus fíor, agus tabharfaidh sealbhóirí cuntas coinneála eintitis rialáilte an fhaisnéis sin faoin 31 Márta gach bliain.';

(5) cuirtear isteach an tAirteagal 26c seo a leanas:

'*Airteagal 26c*

Cuntais údarás inniúil náisiúnta a dhúnadh

Féadfaidh an riarthóir náisiúnta cuntas údaráis inniúil náisiúnta a dhúnadh más rud é gur cláraíodh na hastaíochtaí a thuairiscítear faoi Airteagal 15b(8).';

(6) cuirtear isteach an tAirteagal 32a seo a leanas:

'*Airteagal 32a*

Cuntais a bhlocáil toisc nár tugadh suas lamháltais

1. Más rud é, an 1 Deireadh Fómhair gach bliain, go bhfuil líon na lamháltas a thugtar suas le haghaidh na tréimhse atá ann i láthair na huaire sin de bhun Airteagal 56 ó chuntas coinneála suiteála do-aistrithe nó ó chuntas coinneála oibreora aerárthaí a fhaigheann leithdháileadh lamháltas saor in aisce níos ísle ná a chuid astaíochtaí fíoraithe sa tréimhse atá ann i láthair na huaire sin agus an bhliain roimhe sin á cur san áireamh, móide fachtóir ceartúcháin, áiritheoidh an riarthóir lárnach go socróidh Clárlann an Aontais stádas an chuntais oibreora chomhfhreagraigh ag stádas blocáilte.

2. Más rud é go dtugtar suas na lamháltais thar téarma ó chuntas oibreora de bhun Airteagal 56, áiritheoidh an riarthóir lárnach go socróidh Clárlann an Aontais stádas an chuntais oibreora chomhfhreagraigh ag stádas oscailte.';

(7) in Airteagal 33, cuirtear an mhír 1d seo a leanas isteach:

'1d. I gcás nach n-eascraíonn an figiúr diúltach maidir le stádas comhlíontachta ach ón gcéad chéim nó ón dara céim de CTA AE agus i gcás nach féidir le hoibreoir suiteála do-aistrithe é a cheartú i gcéimeanna amach anseo, ní chuirfear an figiúr diúltach sin san áireamh agus an figiúr maidir le stádas comhlíontachta á ríomh i gcomhréir le mír 1.';

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 40:

'*Airteagal 40*

Lamháltais eitlíochta atá le cur ar ceant a aistriú

1. Aistreoidh an riarthóir lárnach, go tráthúil, thar ceann an Bhallstáit ceantála ábhartha, agus ionadaíocht á déanamh ag a cheantálaí ionadaíochta dó, arna cheapadh i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún (*), lamháltais ghinearálta le haghaidh na eitlíochta ó Chuntas Cainníochta Iomláine Eitlíochta an Aontais go dtí Cuntas Ceantála an Aontais ina gcainníocht a chomhfhreagraíonn do na méideanna bliantúla a socraíodh de bhun an Rialachán sin.

2. I gcás ina ndéantar coigeartuithe ar na méideanna lamháltas bliantúla i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830, aistreoidh an riarthóir lárnach méid comhfhreagrach lamháltas ginearálta ó Chuntas Cainníochta Iomláine Eitlíochta an Aontais go dtí Cuntas Ceantála an Aontais nó ó Chuntas Ceantála an Aontais go dtí Cuntas Cainníochta Iomláine Eitlíochta an Aontais, de réir mar a bheidh.

_____

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 2023/2380, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2830/oj)';

(9) in Airteagal 48, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Áiritheoidh an riarthóir lárnach go n-aistreoidh Clárlann an Aontais lamháltais ghinearálta go huathoibríoch ó Chuntas Leithdháileacháin an Aontais i gcomhréir leis an tábla leithdháileacháin náisiúnta ábhartha go dtí an cuntas coinneála oibreora ábhartha oscailte nó blocáilte, ag féachaint do mhódúlachtaí an aistrithe uathoibríoch a shonraítear sa mhalartú sonraí agus sna sonraíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 75.';

(10) in Airteagal 49, cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. Tabharfaidh an Ballstát a leithdháileann na lamháltais fógra don Choimisiún faoi athruithe ar na táblaí náisiúnta leithdháilte eitlíochta arna ndéanamh i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 334/2023 (*)* ó Chomhchoiste LEE.

_____

(*) Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 334/2023 an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1419] (IO L, 2024/1419, 13.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1419/oj).';

(11) in Airteagal 50, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Áiritheoidh an riarthóir lárnach go n-aistreoidh Clárlann an Aontais lamháltais eitlíochta, agus lamháltais ghinearálta ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, go huathoibríoch ó Chuntas Leithdháilte Lamháltas Eitlíochta an Aontais go dtí an cuntas coinneála oibreora aerárthaí ábhartha oscailte nó blocáilte i gcomhréir leis an tábla leithdháileacháin ábhartha nó don chuntas coinneála oibreora aerárthaigh stoptha ábhartha i gcomhréir leis an tábla leithdháileacháin ábhartha, ag féachaint do mhódúlachtaí an aistrithe uathoibríoch a shonraítear sa mhalartú sonraí agus sna sonraíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 75.';

(12) in Airteagal 54(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, lamháltais ghinearálta le haghaidh na heitlíochta ó Chuntas Ceantála an Aontais;';

(13) leasaítear Airteagal 58 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

'Déanfaidh an t-ionadaí údaraithe nó ionadaithe an tsealbhóra cuntais atá údaraithe leis an gcineál idirbhirt atá le haisiompú a thionscnamh an iarraidh a shíniú go cuí agus postálfar í laistigh de 30 lá oibre tar éis an próiseas a thabhairt chun críche.';

(b) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) níor tugadh i gcrích idirbheart lena dtugtar suas nó lena scriostar lamháltais atá le haisiompú níos mó ná 40 lá oibre roimh thogra an riarthóra cuntais i gcomhréir le mír 3;';

(14) cuirtear isteach an tAirteagal 58a seo a leanas roimh Chaibidil 3:

'*Airteagal 58a*

Aiseag lamháltas

1. Déanfaidh an riarthóir lárnach lamháltais a tugadh suas a aiseag chuig an gcuntas coinneála oibreora chun éifeacht a thabhairt do chinneadh agus rialú Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 27 nó le hAirteagal 27a de Threoir 2003/87/CE, nó do rialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, lena gcinntear go bhfuil na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an oibreoir lasmuigh de raon feidhme na Treorach sin.

2. Cinnfear an líon lamháltas a bheidh le haiseag tríd an bhfoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm agus slánófar iad go dtí an tslánuimhir is gaire:

An líon lamháltas atá le haiseag =

Líon na lamháltas a tugadh suas sa bhreis ×
(meánluach na lamháltas arna choigeartú ó thaobh an bhoilscithe de i mbliain an tabhairt suas
÷ meánluach na lamháltas i mbliain an aisig)

I gcás inarb amhlaidh:

Cinntear meánluach na lamháltas i mbliain an tabhairt suas ar bhonn an mheánphraghais imréitigh ceantála le haghaidh na bliana sin ar an ardán ceantála choitinn de bhun Airteagal 26(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 (*).

Cinntear meánluach na lamháltas i mbliain an aisig ar bhonn an mheánphraghais imréitigh ceantála le haghaidh na bliana sin ar an ardán ceantála choitinn de bhun Airteagal 26(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830

Cinntear an boilsciú ar bhonn an innéacs tomhaltóirí ar bhonn Innéacs comhchuibhithe Praghsanna an Aontais Eorpaigh do Thomhaltóirí.

3. Déanfar an cineál céanna lamháltas a tugadh suas ar dtús a aiseag ó chuntas scriosta an Aontais go dtí cuntas coinneála an oibreora.;

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L, 2023/2830, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2830/oj).';

(15) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(16) leasaítear Iarscríbhinn VII i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(17) leasaítear Iarscríbhinn IX i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(18) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XI;

(19) leasaítear Iarscríbhinn XIII i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (2), (3), (5), (8) agus (12), agus ag Iarscríbhinní I agus III agus Iarscríbhinn V, pointe (1), ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachan Tarmligthe (AE) 2019/1122, Tábla I-I, cuid I '**Cuntais bhainistíochta CTA i gClárlann an Aontais**', cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

Ainm an chineáil cuntais	Sealbhóir an chuntais	Riarthóir an Chuntais	Líon na gcuntas den chineál seo	Lamháltais		Aonaid ó CTA atá nasctha faoi Airteagal 25 de Threoir 2003/87/CE	Lamháltais a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE
				Lamháltais ghinearálta	Lamháltais eitlíochta		
'Cuntas an Údaráis Inniúil Náisiúnta	An Ballstát	An Riarthóir Lárnach	Ceann le haghaidh gach Ballstáit	Ní ann dóibh	Ní ann dóibh	Ní ann dóibh	Ní ann dóibh'

IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachan Tarmligthe (AE) 2019/1122, cuirtear isteach an tábla seo a leanas:

'Tábla VII-II: Mionsonraí dhuine teagmhála an oibreora aerárthaí

	A	B	C	D	E	F
Uimhir na Míre	Mionsonraí an chuntais	Sainordaitheach nó Roghnach?	Cineál	An bhfuiltear in ann é a nuashonrú?	An bhfuil gá le formheas an riarthóra chun é a nuashonrú?	An bhfuil sé ar taispeáint ar an suíomh gréasáin poiblí?
1	Céadainm an duine teagmhála laistigh den Bhallstát	Roghnach	Saor in aisce	Táthar	Níl	Níl
2	Sloinne an duine teagmhála laistigh den Bhallstát	Roghnach	Saor in aisce	Táthar	Níl	Níl
3	Seoladh gnó an duine teagmhála – tír	Roghnach	Réamh shocraithe	Táthar	Níl	Níl
4	Seoladh gnó an duine teagmhála – réigiún nó stát	Roghnach	Saor in aisce	Táthar	Níl	Níl
5	Seoladh gnó an duine teagmhála – cathair	Roghnach	Saor in aisce	Táthar	Níl	Níl
6	Seoladh gnó an duine teagmhála – cód poist	Roghnach	Saor in aisce	Táthar	Níl	Níl
7	Seoladh gnó an duine teagmhála – líne 1	Roghnach	Saor in aisce	Táthar	Níl	Níl
8	Seoladh gnó an duine teagmhála – líne 2	Roghnach	Saor in aisce	Táthar	Níl	Níl
9	Teileafón gnó 1 an duine teagmhála	Roghnach	Saor in aisce	Táthar	Níl	Níl
10	Teileafón gnó 2 an duine teagmhála	Roghnach	Saor in aisce	Táthar	Níl	Níl
11	Seoladh ríomhphoist gnó an duine teagmhála	Roghnach	Saor in aisce	Táthar	Níl	Níl'

IARSCRÍBHINN III

In Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachan Tarmligthe (AE) 2019/1122, cuirtear isteach an tábla seo a leanas:

‘4. **Beidh an fhaisnéis a leagtar amach i dTábla IX-IV sna sonraí faoi astaíochtaí le haghaidh eintitis rialáilte in 2025 agus 2026, ag féachaint don fhormáid leictreonach chun sonraí faoi astaíochtaí ar a dtugtar tuairisc sna sonraíochtaí malartaithe sonraí agus teicniúla dá ndéantar foráil in Airteagal 75 a chur isteach.**

Tábla IX-IV: Sonraí faoi astaíochtaí le haghaidh eintitis rialáilte in 2025 agus 2026

1	Ainm an eintitis rialáilte:	
2	Uimhir cheada trádála astaíochtaí	
3	Bliain tuairiscithe	
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa		
		ina dtonaí de choibhéis CO_2’
4	Astaíochtaí intíre iomlána (Baineann sé leis na breoslaí uile a scaoiltear lena dtomhailt i gcríoch Ballstáit)	

IARSCRÍBHINN IV

'IARSCRÍBHINN XI

Tábla náisiúnta leithdháilte eitlíochta

Uimh. an ró				Cainníocht na lamháltas ginearálta a leithdháiltear saor in aisce					
				De bhun Airteagal 3e agus 3d(1) de Threoir 2003/87/CE	De bhun Airteagal 3f de Threoir 2003/87/CE	De bhun Airteagal 3c(6) de Threoir 2003/87/CE	De bhun Chinneadh Uimh. 334/2023 ó Chomhchoiste LEE	San Iomlán	
1	Cód tíre an Bhallstáit								Ionchur láimhe
2		Uimhir aitheantais an oibreora aerárthaí							Ionchur láimhe
3		Cainníocht atá le leithdháil-eadh							
4			i mbliain X						Ionchur láimhe
5			i mbliain X+1						Ionchur láimhe
6			i mbliain X+2						Ionchur láimhe
7			i mbliain X+3						Ionchur láimhe
8			i mbliain X+4						Ionchur láimhe
9			i mbliain X+5						Ionchur láimhe
10			i mbliain X+6						Ionchur láimhe
11			i mbliain X+7						Ionchur láimhe
12			i mbliain X+8						Ionchur láimhe
13			i mbliain X+9						Ionchur láimhe'

IARSCRÍBHINN V

Leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachan Tarmligthe (AE) 2019/1122 mar a leanas:

(1) i gcuid I, pointe 1, an chéad fhomhír, cuirtear isteach an pointe (i) seo a leanas:

'(i) astaíochtaí comhiomlánaithe arna dtuairisciú ag an riarthóir náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 15b(8);';

(2) cuirtear isteach an chuid III seo a leanas:

'III. ***Sonraí nach n-eascraíonn as Clárlann an Aontais, arna bhfoilsiú chun críoch faisnéise***

Faisnéis atá ar fáil don phobal

9. Tar éis sonraí a fháil a thuairiscítear de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún (*) agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún (**), nó a ríomhtar de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879 ón gCoimisiún (***), cuirfidh Clárlann an Aontais an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach cuntas coinneála oibreora aerárthaí ar an suíomh gréasáin poiblí:

(a) sonraí faoi astaíochtaí in aghaidh an oibreora aerárthaí atá le cur ar fáil go poiblí i gcomhréir le hAirteagal 14(6) de Threoir 2003/87/CE;

(b) éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 14(5) de Threoir 2003/87/CE.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2066/oj).

(**) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí eitlíochta chun beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme (IO L 250, 30.9.2019, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1603/oj).

(***) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1879 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais fritháirimh a ríomh chun críoch CORSIA (IO L, 2024/1879, 10.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1879/oj).'.